# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

# SPÁINNIS 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

| **GRÁDÚ** | | | |
|---|---|---|---|
| O1: 288 - 320 | O2: 256 - 287 | O3: 224 - 255 | O4: 192 - 223 |
| O5: 160 - 191 | O6: 128 - 159 | O7: 96 - 127 | O8: 0 - 95 |

**Socruithe Réasúnta: Tabhair ar aird le do thoil na leasuithe ar an Scéim Mharcála i Roinn B, Ceist 2 (a) agus (b), inar deonaíodh tarscaoileadh ar dhaltaí maidir le litriú nó inar deonaíodh agus baineadh úsáid as téipthaifeadán, scríobhaí nó as ríomhaire atá cumasaithe i dtaobh litriú de.**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***
Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.
Léiríonn **dais –** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.
Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.
Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá
le bronnadh as freagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní luaitear ach na nathanna mórthábhachtacha ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna a chuirtear i leith an fhreagra a ghnóthú.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**Freagairt trí Ghaeilge: Bónas**

Gnáthráta: 5% den Iomlán

| Marc | Bónas | Marc | Bónas | Marc | Bónas |
|---|---|---|---|---|---|
| 241-246 | 11 | 274-280 | 6 | 307-313 | 1 |
| 247-253 | 10 | 281-286 | 5 | 314-320 | 0 |
| 254-260 | 9 | 287-293 | 4 | | |
| 261-266 | 8 | 294-300 | 3 | | |
| 267-273 | 7 | 301-306 | 2 | | |

**1. Anuncio – FÚTBOL GAÉLICO EN MADRID**

**4 + 4 + (2 + 2 + 2) mharc = 14 mharc**

a. Bunaíodh Madrid Harps **(4m)**

b. Dé Sathairn **(4m)**

c. **Trí cinn** díobh seo: An Pholainn/ An Rúis/ An Iorua/ An Fhrainc/ An Iodáil/ An Bheilg **(2+2+2m)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON EL ESCRITOR IAN GIBSON**

**(4+4) + (2+2) + 4 mharc = 16 mharc**

a. **Dhá cheann** díobh seo: 78 bliain d'aois/ rugadh i mBaile Átha Cliath é/ chónaigh sa Spáinn ar feadh 50 bliain/náisiúntacht Spáinnis aige **(4+4m)**

b. **Mí:** Lúnasa **Bliain:** 1936 **(2+2m)**

c. (✓) bíonn daoine óga dúghafa le fóin phóca **(4m)**

**3. Diálogo – HABLANDO CON EL ACTOR CHILENO, PEDRO PASCAL**

**4 + 4 + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

a. 43 **(4m)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: dul ar laethanta saoire/ a bheith ar an trá/ labhairt lena athair/ a bheith ag ithe lena chol ceathracha **(4m)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: póilín/ d'oibrigh sé i gcoinne gáinneálaithe drugaí/ go deas/ oibríonn go crua **(4m)**

d. **Ceann amháin** díobh seo: airgead/ drugaí/ cumhacht **(4m)**

**4. Descriptivo – ESTUDIANTES ERASMUS EN ESPAÑA**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. In ollscoil eile san Eoraip **(4m)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: ticéid eitleán/ ranganna Spáinnise **(4m)**

c. (✓) costas lóistín **(4m)**

**5.** **Descriptivo – EL PEÑON DE GIBRALTAR**

**4 + 4 + 4 mharc = 12 mharc**

a. Iasc agus sceallóga **(4m)**

b. An Spáinn **(4m)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: An Mheánmhuir/ An tAigéan Atlantach **(4m)**

**6.** **El Tiempo**

**(2+4) + 4 + 4 mharc = 14 mharc**

a. **Lá:** Dé Céadaoin **Dáta:** 20 Márta **(2+4m)**

b. (✓) ceathanna le stoirmeacha leictreacha **(4m)**

c. 18 **(4m)**

**7.** **Una Noticia – SE BUSCAN ACTORES PARA JUEGO DE TRONOS EN ESPAÑA**

**4 + 4 + 4 + 4 mharc = 16 mharc**

a. (✓) an tsraith theilifíse is fearr ar éirigh léi riamh **(4m)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: feirmeoirí, saighdiúirí, cócairí **(4m)**

c. **Ceann amháin** díobh seo: bia saor in aisce/ iompar saor in aisce **(4m)**

d. Capall **(4m)**

**14+16+16+12+12+14+16 = 100 marc**

## ROINN A (160 MARC)

**Ceist 1. Un trabajo ideal (50 Marc)**

Caithfear na freagraí uile a scríobh i **Spáinnis.**

Is féidir glacadh le hathscríobh (**ábhartha** agus laistigh de theorainneacha réasúnta).

Ní thástáiltear ionramháil teanga.

Ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú. *Glactar le focail idir lúibíní le haghaidh marc iomlán ach níl siad riachtanach do fhreagra ceart.* Bainfear marc de dheasca focail bhreise neamhábhartha. *Léiríonn tulslais rogha freagraí a d'fhéadfadh a bheith i gceist.* Bronn 5 nó 0 marc ach amháin má luaitear a mhalairt.

(a) **Trí cinn** díobh seo: en la playa/ un hotel/ un camping/ un crucero **(2+2+1m)**

(b) Es mexicana/ de Méjico **(5m)**

(c) (porque) la comunicación es clave en su trabajo **(5m)**

(d) **Dhá cheann** díobh seo: es divertido/ es gratificante/ (le encanta) pasar muchas horas al aire libre y conocer a gente de otras nacionalidades **(5+5m)**

(e) (i) Dubai [3]
(ii) es una maravilla/ tiene una cultura diferente [2] **(3+2m)**

(f) **Dhá cheann** díobh seo: las horas largas/ (sólo) un día libre por semana/ un sueldo (muy) bajo/ el calor **(3+2m)**

(g) la mala calidad del hotel (y) la falta de aire acondicionado **(5m)**

(h) **Dhá cheann** díobh seo: ganan confianza en sí mismos/ aprenden a trabajar en equipo/ hacen (muchos) amigos **(5+5m)**

**Ceist 2. Criaturas tranquilas (25 Marc)**

(a) Rugadh 5 phanda/ bhéar i Maidrid **(5m)**

(b) D'eagraigh an zú comórtas ar líne **(5m)**

(c) 1.5 méadar **(5m)**

(d) **Dhá cheann** díobh seo: maireann siad i limistéir shléibhtiúla/ i measc carraigeacha/ crann/ bambúnna **(3+2m)**

(e) **Dhá cheann** díobh seo: ciúin/ ar a suaimhneas/ ach ionsaíonn siad go fíochmhar má mhothaíonn siad go bhfuiltear chun iad a ionsaí **(3+2m)**

**Ceist 3. Diversión en la playa** **(20 marc)**

(a) Tá peata ag 4 as 10 dteaghlach (ar a laghad) **(5m)**

(b) Tháinig laghdú 10% ar an líon/ ó 2012 i leith **(5m)**

(c) **Ceann amháin** díobh seo: (madra) an cara is fearr a bhíonn ag fear/
an peata is fearr le daoine (sa Spáinn)/ níos mó ná 5 mhilliún (cláraithe) **(5m)**

(d) **Ceann amháin** díobh seo: an ceann scríbe is fearr (leis na madraí)/
níos mó tránna a ligeann madraí isteach gach bliain/
na tránna is mó a ligeann madraí isteach in Valencia agus Cataluña **(5m)**

**Ceist 4. Babbel: una app de lenguas en línea** **(25 marc)**

(a) Spáinnis agus Rúisis **(3+2m)**

(b) **Ceann amháin** díobh seo: ar iompar poiblí/ ar an mbealach chun na scoile/
ar an mbealach chun na hoibre **(5m)**

(c) 20 nóiméad **(5m)**

(d) **Dhá cheann** díobh seo: an oiread deiseanna ag baint leis/ is féidir leat ailt a léamh/
éisteacht leis an nuacht/ féachaint ar scannán *nó* ar sraith **(3+2m)**

(e) Cleachtadh gach lá **(5m)**

**Ceist 5. Campeona del mundo** **(40 marc)**

(a) Rugadh Garbiñe ann **(5m)**

(b) **Ceithre cinn** díobh seo: is as an Spáinn a hathair/ is as Veiniséala a máthair/
tá beirt deartháireacha (níos sine) aici/ ise an t-aon iníon sa chlann **(2+1+1+1m)**

(c) Bhog (an teaghlach) as Caracas/ bhog siad go Barcelona **(5m)**

(d) Bhuaigh sí a céad chomórtas (tábhachtach) **(5m)**

(e) **Dhá cheann** díobh seo: ag cócaráil dá cairde/ dul ag siopadóireacht/
eachtraí (greannmhara) a roinnt le chéile (óna saol) ar na meáin
shóisialta/ ag déanamh *nó* ag ithe rudaí milse **(3+2)**

(f) **Ceann amháin** díobh seo: ghortaigh sí a cos dheas/ chuaigh sí faoi scian **(5m)**

(g) **Dhá cheann** díobh seo: éisteann sí le ceol na n-amhránaithe is fearr léi roimh chomórtas/
labhraíonn sí léi féin i rith cluiche **(5+5m)**

## ROINN B (60 marc)

Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:

**1. LITIR / R-PHOST** agus **ceann amháin de 2.(a) NÓTA nó 2. (b) IONTRÁIL DIALAINNE.**

**C. 1.** **LITIR:** **40 marc**

Tá **cúig** phointe le cur in iúl.
Ceadaigh **8** marc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-8 marc a bhronnadh ar gach mír.)

**8 marc x 5 = 40 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht iomlán curtha in iúl go soiléir: | **8 marc** |
| Cur in iúl sásúil: | **6 mharc** |
| Cur in iúl dóthanach: | **5 mharc** |
| Tá an teachtaireacht sothuigthe / roinnt mionsonraí in easnamh: | **4 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti: | **2 mharc** |

**C.2.(a) NÓTA C.2. (b) IONTRÁIL DIALAINNE 20 marc**

Na marcanna le roinnt ar an tslí chéanna i ngach cás.

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc ar a mhéad do gach ceann díobh.
(Is féidir 0-5 mharc a bhronnadh ar gach pointe.)

**5 mharc x 4 = 20 marc**

| | |
|---|---|
| Teachtaireacht curtha in iúl go hiomlán: | **5 mharc** |
| 'Éirim' na teachtaireachta soiléir: | **4 mharc** |
| Cuid den teachtaireacht sothuigthe: | **3 mharc** |
| Is féidir ciall éigin a bhaint aisti: | **2 mharc** |

Socruithe Réasúnta:
Ina gcás sin dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach:
ní chuirtear na hasbhaintí thuas as struchtúir ghramadaí mhíchearta i bhfeidhm.
Ba chóir marcanna a bhronnadh as cur in iúl na teachtaireachta amháin mar atá leagtha amach thuas.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán